Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2019**
**(OR. en)**

**12791/19**

**ENV 826**
**COMPET 661**
**AGRI 481**
**TRANS 468**
**MI 694**
**IND 246**
**CONSOM 261**
**ECOFIN 852**
**ENER 453**
**RECH 449**
**SAN 417**
**MARE 21**
**SOC 655**
**CHIMIE 127**
**ENT 221**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 4 Deireadh Fómhair 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12484/19 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7128/19 - COM(2019) 190 final + ADD 1 |
| Ábhar: | Tuilleadh ciorclaíochta - An t-aistriú chuig sochaí inbhuanaithe<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3716ú cruinniú dá cuid, ar an 4 Deireadh Fómhair 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**Tuilleadh ciorclaíochta - An t-aistriú chuig sochaí inbhuanaithe**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Á MHEABHRÚ DI:

An Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an 7ú Clár Ginearálta Gníomhaíochta don Chomhshaol (CGC) dar teideal "Sinn ag maireachtáil go maith, faoi shrianta ár bpláinéid"[1] le haghaidh geilleagar ísealcharbóin atá tíosach ar acmhainní, glas agus iomaíoch, chomh maith le meastóireacht an chláir;

An Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le bainistiú dramhaíola; an pacáiste um an straitéis maidir le soláthar poiblí; cur chun feidhme an phacáiste maidir le geilleagar ciorclach: roghanna chun aghaidh a thabhairt ar an gcomhéadan idir an reachtaíocht maidir le ceimiceáin, táirgí agus dramhaíl; agus straitéis Eorpach do phlaistigh i ngeilleagar ciorclach;

An rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe dar teideal *Transforming our world: the 2030 Agenda for Sustainable Development* [I mbun athraithe: Clár oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe], na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), Dearbhú Airí UNEA-4, inar chomhaontaigh comhphobal an domhain tomhaltas inbhuanaithe agus pátrúin táirgthe inbhuanaithe a chur chun cinn tríd an ngeilleagar ciorclach, rún UNEA 2/8 maidir le táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe, rún 4/1 maidir le conairí nuálaíocha chun tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe a bhaint amach, rún 4/6 maidir le bruscar plaistigh mara agus micreaphlaistigh, rún 4/9 maidir le truailliú ó tháirgí plaistigh aon úsáide, chomh maith le rúin 2/7 agus 4/8 maidir le bainistiú stuama ceimiceán agus dramhaíola;

---

[1] IO L 354, 28.12.2013, lch. 171.

An Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le *Closing the loop – An EU action plan for the Circular Economy* [Deireadh a chur leis an lúb ar lár – plean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh don Gheilleagar Ciorclach][2], "Ról na dramhaíola go fuinneamh sa gheilleagar ciorclach"[3], "Straitéis Eorpach le haghaidh Plaisteach i nGeilleagar Ciorclach"[4], "Creat faireacháin don Gheilleagar Ciorclach"[5], "Cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach"[6], *Implementation of the Circular Economy package: options to address the Interface between Chemical, Product and Waste legislation* [Cur chun feidhme an phacáiste maidir leis an nGeilleagar Ciorclach: roghanna chun aghaidh a thabhairt ar an gcomhéadan idir an reachtaíocht um cheimiceáin, um tháirgí agus um an dramhaíl][7] chomh maith leis an Doiciméad Inmheánach Oibre maidir le "Táirgí Inbhuanaithe sa Gheilleagar Ciorclach — I dtreo Creat Beartais Táirge den Aontas a rannchuidíonn leis an nGeilleagar Ciorclach"[8];

An Clár Oibre Straitéiseach Nua do 2019-2024 a ghlac an Chomhairle Eorpach ar an 20 Meitheamh 2019, ina leagtar síos gur den mhórphráinn an Eoraip a dhéanamh neodrach ó thaobh díobháil aeráide de, agus í a bheith glas, cothrom agus sóisialta;

Na Conclúidí ón gComhairle maidir leis na nithe seo a leanas:

- An Ciorcal a shlánú - Plean Gníomhaíochta an Aontais don Gheilleagar Ciorclach[9],
- Bainistiú Inbhuanaithe Uisce[10],
- An éiceanuálaíocht: an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach a chumasú[11],
- Beart a dhéanamh maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais don Gheilleagar Ciorclach[12],
- I dtreo Aontas inmharthana níos inbhuanaithe faoi 2030[13],
- Straitéis Beartais Tionsclaíochta de chuid an Aontais: Fís do 2030[14],
- I dTreo Straitéis an Aontais do Bheartas Inbhuanaithe Ceimiceán[15],
- An 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol – *Turning the Trends Together* [Na Treochtaí a Chasadh le Chéile][16];

---

[2] 14972/15 + ADD 1 - COM(2015) 614 final.
[3] 5801/17 - COM(2017) 34 final.
[4] 5477/18 + ADD 1 - COM(2018) 28 final + ADD 2.
[5] 5478/18 - COM(2018) 29 final + ADD 1.
[6] 7128/19 - COM(2019) 190 final + ADD 1.
[7] 5479/18 - COM(2018) 32 final + ADD 1.
[8] 7121/19 - SWD(2019) 91 final.
[9] 10518/16.
[10] 13342/16.
[11] 15811/17.
[12] 10447/18.
[13] 8286/19.
[14] 9706/19.
[15] 10713/19.

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI air gur toisc thábhachtach é an geilleagar ciorclach chun urramú teorainneacha pláinéadacha a áirithiú, deireadh a chur le caillteanas bithéagsúlachta, agus chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú go domhanda, agus go bhféadfaidís sin a bheith ina gcuidiú chun spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach;

Á MHEABHRÚ DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal "Pláinéad Glan do Chách" ina léirítear fís straitéiseach fhadtéarmach do gheilleagar aeráidneodrach san Aontas faoi 2050, ina ndírítear aird ar *inter alia* ról tábhachtach an gheilleagair chiorclaigh i dteorannú na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus ina léirítear an Tuarascáil Speisialta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) maidir le Téamh Aeráide 1.5 °C;

Á CHUR I dTREIS DI go dtugtar le fios go soiléir sa Tuarascáil Mheasúnachta Dhomhanda (2019) ó IPBES maidir le Seirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais nach mór aistriú go táirgeadh agus pátrúin tomhaltais níos inbhuanaithe, agus nach mór an tomhaltas iomlán a ísliú agus an dramhaíl a laghdú má táthar chun na spriocanna domhanda caomhantais dúlra agus bithéagsúlachta a bhaint amach;

Á CHUR I dTREIS DI go dtugtar le fios san Fhorbhreathnú Acmhainní Domhanda (2019) ón bPainéal Idirnáisiúnta Acmhainní gur baint agus próiseáil acmhainní is cúis le 90 % den chaillteanas bithéagsúlachta agus de thionchar an struis uisce go domhanda, agus le tuairim is leath de na hastaíochtaí domhanda sin dar siocair an t-athrú aeráide;

Á MHEABHRÚ DI torthaí *Global Chemicals Outlook II* [an dara hIonchas Domhanda Ceimiceán] ina luaitear go gcruthaíonn táirgí, ina mbíonn cuid mhór ceimiceán, agus slabhraí soláthair casta domhanda dúshláin don chiorclaíocht;

Á MHEABHRÚ DI Páipéar Machnaimh an Choimisiúin *Towards a sustainable Europe by 2030* [I dtreo Eoraip inbhuanaithe faoi 2030] agus an chaoi a mbíonn baint ag an ngeilleagar ciorclach le baint amach na spriocanna forbartha inbhuanaithe trí bhogadh i dtreo táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe, teicneolaíochtaí inbhuanaithe a chur chun cinn, agus trí bhainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha a áirithiú; Á CHUR I dTREIS DI go gcaithfidh an tAontas agus na Ballstáit iarrachtaí móra a dhéanamh go fóill le cloí leis na spriocanna sin;

---

**16** 12795/19.

Á CHUR I dTREIS DI go gcabhraíonn cur chun feidhme na Straitéise Bithgheilleagair Nuashonraithe dar teideal "Bithgheilleagar inbhuanaithe don Eoraip", rud a bhfuil meastóireacht á déanamh uirthi ag an gComhairle i láthair na huaire, ar bhealach ciorclach, nuálaíoch, agus inbhuanaithe le hurramú na dteorainneacha pláinéadacha agus le stad an chaillteanais bithéagsúlachta agus an dífhoraoisithe, agus le díghrádú talún agus foraoise;

Á MHEABHRÚ DI gur acmhainn ríthábhachtach é an t-uisce ba cheart a úsáid go hinbhuanaithe éifeachtúil agus a athúsáid go méadaitheach agus go hiomchuí le cur leis an ngeilleagar ciorclach, agus le dul i ngleic le ganntanas uisce agus le triomach san Aontas de dheasca dhul in olcas an athraithe aeráide; IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil reachtaíocht beartaithe ag an gCoimisiún a chuireann leis na haidhmeanna sin;

Á MHEABHRÚ DI go bhfuil iarrtha ar an gCoimisiún fís fhadtéarmach do thodhchaí thionsclaíoch an Aontais a thíolacadh faoi dheireadh 2019, agus gurb é intinn Uachtarán toghaí an Choimisiúin Margadh Glas Eorpach a thíolacadh;

Á ATHDHEARBHÚ DI go dtreiseoidh an geilleagar ciorclach táirgiúlacht acmhainní na hEorpa, go mbainfidh sé bainistiú inbhuanaithe agus úsáid éifeachtúil acmhainní nádúrtha amach, go laghdóidh sé an spleáchas ar acmhainní neamh-inathnuaite agus ar amhábhair ríthábhachtacha, go gcruthóidh sé tairbhí comhchoiteanna, go laghdóidh sé costais agus go gcruthóidh sé poist;

**An Geilleagar Ciorclach - fíorghaisce Eorpach**

1. AITHNÍONN SÍ tiomantas an Choimisiúin agus na mBallstát geilleagar ciorclach a chur chun cinn; TUIGEANN SÍ na gníomhartha atá déanta agus torthaí na ngníomhartha sin ar mhaithe le geilleagar ciorclach a bhaint amach; TUGANN SÍ DÁ hAIRE, áfach, go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí chun dlús a chur leis an aistriú; TACAÍONN SÍ GO hUILE AGUS GO hIOMLÁN le hiarrachtaí an Choimisiúin cur leis an gcreat reachtúil agus na constaicí atá ag cur bac ar an ngeilleagar ciorclach san Eoraip a aithint;

2. AITHNÍONN SÍ iarrachtaí an Aontais gona Bhallstáit a bheith ar thús cadhnaíochta i gcur chun cinn an gheilleagair chiorclaigh go déthaobhach agus go hiltaobhach, lena n-áirítear misin geilleagair chiorclaigh chuig tríú tíortha agus chuig na Fóraim Dhomhanda um an nGeilleagar Ciorclach; agus CUIREANN SÍ I dTREIS go raibh ról an Aontais ríthábhachtach i gcothú na gluaiseachta chun na chéad bhearta a dhéanamh ar mhaithe le tomhaltas, táirgeadh agus bainistiú dramhaíola inbhuanaithe; ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas an Aontais dul i ngleic le bruscar plaistigh san fharraige, lena n-áirítear micreaphlaistigh, ó fhoinsí talún agus uisce;

3. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit cur chun feidhme na ngníomhartha atá i bPlean Gníomhaíochta an Gheilleagair Chiorclaigh a chur i gcrích; AITHNÍONN SÍ an acmhainneacht neamhshaothraithe a bhaineann le *inter alia* dreasachtaí eacnamaíocha agus fioscacha, digitiú agus intleacht shaorga a úsáid; TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún tuilleadh oibre a dhéanamh ar an gcomhéadan idir an reachtaíocht maidir le ceimiceáin, táirgí agus dramhaíl; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le beartas comhleanúnach maidir le táirgí ciorclacha mar aon le hinfheistíochtaí, sa bhonneagar go háirithe, chun dreasacht a thabhairt don nuálaíocht agus ar mhaithe le margaí le haghaidh amhábhair thánaisteacha ardchaighdeáin agus samhlacha gnó ciorclacha atá bunaithe ar sheirbhís;

4. AITHNÍONN SÍ go bhfuil bainistiú inbhuanaithe dramhaíola agus ábhar ar cheann de phríomhbhloic thógála an gheilleagair chiorclaigh; MEABHRAÍTEAR DI an tábhacht a bhaineann le cur chun feidhme iomlán an *acquis* dramhaíola de réir phrionsabal ord na réiteach dramhaíola agus le cur i gcrích an ullmhúcháin do na spriocanna i ndáil le hathúsáid, le hathchúrsáil agus le líonadh talún, agus le deireadh a chur le líonadh talún le dramhaíl bhardasach gan chóireáil chomh luath agus is féidir;

5. AITHNÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht lucht tionscail agus comhar láidir sa slabhra luacha san aistriú go geilleagar ciorclach; ina leith seo, TACAÍONN SÍ le hobair Chomhghuaillíocht na bPlaisteach Ciorclach agus IS DÍOL SÁSAIMH DI Dearbhú Chomhghuaillíocht na bPlaisteach Ciorclach chun úsáid plaisteach athchúrsáilte mar tháirgí nua a mhéadú;

6. TACAÍONN SÍ leis na tionscnaimh chomhair a fheidhmeoidh na Ballstáit, geallsealbhóirí agus an Coimisiún chun an chiorclaíocht a chur chun cinn; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil gá le hardáin líonraí thiomnaithe chun an comhoibriú trasteorann a éascú, nuálaíochtaí a fheabhsú, agus dlús a chur le cur i bhfeidhm na gcleachtas is fearr; MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit úsáid níos mó a bhaint as Ardán Eorpach Gheallsealbhóirí an Gheilleagair Chiorclaigh agus as an Lárionad Eorpach Eolais um Éifeachtúlacht Acmhainní;

**Straitéis Geilleagair Chiorclaigh 2.0**

7. AITHNÍONN SÍ gur éirigh le gníomhartha beartais geilleagair chiorclaigh an Aontais, ach CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá tuilleadh gníomhartha, agus iad níos uaillmhianaí agus níos mó, chun aistriú sistéamach a bhaint amach ina mbeidh samhlacha táirgthe agus tomhaltais agus réitigh dúlra-bhunaithe ciorclacha, sábháilte, inbhuanaithe agus aeráidneodracha iomaíoch agus ina gcuid den phríomhshruth;

8. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an geilleagar ciorclach a chomhtháthú i ngach aon bheartas agus straitéis ábhartha, lena n-áirítear an chéad CGC eile (an 8ú), agus é a bheith ina cheann de chlocha coirnéil na físe fadtéarmaí atá acu do thodhchaí thionsclaíoch an Aontais; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhféadfadh geilleagar ciorclach athléimneacht agus iomaíochas gnóthaí, sochaithe, cathracha agus réigiún a fheabhsú go mór;

9. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit na dálaí éagsúla i réigiúin éagsúla an Aontais, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí, a chur san áireamh chomh maith le héifeachtaí sóisialta agus eacnamaíocha an aistrithe, agus bearta iomchuí a dhéanamh chun aistriú cothrom cuimsitheach a áirithiú do chách, agus cúram ar leith a dhéanamh chun iad siúd is leochailí cás a chosaint ar éifeachtaí díobhálacha;

10. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur den riachtanas leas a bhaint as acmhainneacht an gheilleagair chiorclaigh má táthar le sochaí atá neodrach ó thaobh díobháil aeráide de a bhaint amach agus an bhithéagsúlacht a chosaint; TATHANTAÍONN SÍ AR an Aontas agus ar na Ballstáit gníomhaíochtaí de chuid an gheilleagair chiorclaigh a chomhtháthú ina gcuid straitéisí fadtéarmacha faoi Chomhaontú Pháras agus sna Straitéisí Bithéagsúlachta náisiúnta faoin gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus i straitéisí cur chun feidhme Chlár Oibre 2030; CUIREANN SÍ I DTREIS gur féidir leis an ngeilleagar ciorclach astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoinsí nach ndíríonn an beartas aeráide orthu go sonrach a laghdú;

11. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR gur uirlis éifeachtach é an geilleagar ciorclach chun dul i ngleic le príomhspreagthaí agus bunchúiseanna an chaillteanais bithéagsúlachta agus MOLANN SÍ, dá réir sin, go ndéanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit imscrúdú ar roghanna maidir le spriocanna féideartha éifeachtúlachta acmhainní a thabhairt isteach ar mhaithe le caomhnú agus athshlánú na bithéagsúlachta, chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, agus chun patrúin athraithe tomhaltais agus táirgthe a chur chun cinn a bhaineann úsáid as níos lú ábhar agus a choinníonn ábhair in úsáid chomh fada agus is féidir, agus chun athrú go timthriallta ábhar neamhthocsaineach;

12. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá an comhar idirnáisiúnta agus na teicneolaíochtaí digiteacha chun tacú le slabhraí soláthair agus luacha atá inbhuanaithe inrianaithe, agus le húsáid dhomhanda acmhainní nádúrtha ar bhealach atá cothrom, inbhuanaithe agus tíosach ar acmhainní; MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit deiseanna a fhiosrú le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir le bainistiú acmhainní nádúrtha d'fhonn athrú go húsáid inbhuanaithe éifeachtúil acmhainní nádúrtha a bhaint amach;

13. CUIREANN SÍ I dTREIS GO mbíonn ról ceannródaíochta ag cathracha agus réigiúin san aistriú chuig geilleagar ciorclach agus go bhfeidhmíonn siad mar mhoil don athrú ciorclach; MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit réigiúin agus cathracha a shlógadh agus tacú leo trí phleananna nithiúla gníomhaíochta a cheapadh ar mhaithe le geilleagar ciorclach sábháilte, inbhuanaithe agus neodrach ó thaobh díobháil aeráide de a chruthú, bainistiú dramhaíola a fheabhsú trí bheartais, infheistíochtaí agus tionscadail phíolótacha, agus ardáin nuálaíocha a chruthú a ngníomhachtóidh an earnáil phríobháideach iad agus a spreagfaidh siombóis thionsclaíoch idir cuideachtaí d'fhonn úsáid acmhainní a íoslaghdú;

14. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí is atá sé margadh aonair dea-fheidhmiúil a chruthú d'amhábhair thánaisteacha neamhthocsaineacha ar ardcháilíocht a bheadh sábháilte do shláinte an duine agus don chomhshaol, agus a thábhachtaí atá sé go seachnófaí ábhar a bheith á sceitheadh as an Aontas; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí is atá sé an inrianaitheacht a fheabhsú; IARRANN SÍ go ndéanfaí tuilleadh i dtaobh ceanglas agus caighdeánú táirgí de agus aird á tabhairt go háirithe ar éifeachtúlacht acmhainne, ábhar na substaintí is cúis imní, an athchúrsáilteacht agus cur chuige saolré maidir le táirgí agus ábhair athchúrsáilte a leanúint; IARRANN SÍ go ndéanfaí infheistíochtaí struchtúrtha i mbonneagar athchúrsála an Aontais *inter alia* trí úsáid éifeachtach a bhaint as an gcistiú atá ar fáil ón Aontas cheana féin; MOLANN SÍ don Choimisiún féachaint an bhféadfaí na ceanglais íosta maidir le hábhar tánaisteach amhábhair i dtáirgí eile seachas buidéil phlaisteacha a mhéadú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a mhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir gluaiseacht na dramhaíola a bhfuil athchúrsáil i ndán di a éascú laistigh den Aontas, cosaint comhshaoil agus sláinte a áirithiú, agus más iomchuí, togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le Loingsiú Dramhaíola a thíolacadh, agus aird á tabhairt ar an athbhreithniú leanúnach ar an Rialachán;

15. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún creat straitéiseach uaillmhianach fadtéarmach an Aontais um gheilleagar ciorclach a chur chun cinn, lena mbaineann comhfhís, ionstraimí beartais agus creat faireacháin; MOLANN SÍ don Choimisiún Plean nua Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach a ghlacadh gan mhoill ina mbeidh gníomhaíochtaí spriocdhírithe ag tógáil ar Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach 2015, i ndlúthchomhar le geallsealbhóirí, lena gcruthófar naisc shoiléire le réimsí eile beartais amhail an t-athrú aeráide, an bhithéagsúlacht, an bithgheilleagar, an digitiú agus an beartas tionsclaíoch;

**Straitéisí spriocdhírithe do na príomhearnálacha**

16. AITHNÍONN SÍ an gá atá le straitéisí cuimsitheacha agus gníomhaíochtaí spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt go córasach ar an gciorclaíocht ó thús deireadh an tslabhra luacha, lena n-áirítear ó thaobh an tomhaltóra de, in earnálacha na tógála agus na scartála, an bhia, na dteicstílí, na soghluaisteachta agus na leictreonaice; MOLANN SÍ don Choimisiún, i gcomhar le geallsealbhóirí, straitéisí a ullmhú a bhaineann le spriocanna, beartais, ionstraimí, táscairí agus faireachán ar thorthaí sna príomhearnálacha sin agus leanúint den gheilleagar ciorclach a chur chun cinn in earnálacha eile, amhail an turasóireacht; CUIREANN SÍ i dTREIS a thábhachtaí is atá sé éifeachtúlacht acmhainní agus foinsiú freagrach agus inbhuanaithe amhábhar a chur chun cinn in earnálacha lena ngabhann rioscaí suntasacha don tsláinte, don bhithéagsúlacht agus d'éiceachórais;

17. CUIREANN SÍ I bhFIOS gurb í an earnáil foirgníochta agus bhonneagair is mó a ídíonn fuinneamh san Eoraip, go bhfuil an earnáil sin an-dian ar ábhair agus ar charbón, gurb í a ghineann an tríú cuid de dhramhaíl tógála agus scartála an Aontais, agus go bhfuil áit san aistriú glas ag an athchóiriú ar fhoirgnimh atá ann cheana, ag foirgnimh nua chiorclacha, agus ag bonneagar nua ciorclach; TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún ceanglais a chur san áireamh agus a éascú san athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta, ar ceanglais iad darb aidhm tacú le ciorclaíocht táirgí foirgníochta, agus na ceanglais sin a chur san áireamh i sainorduithe le haghaidh caighdeáin táirgí chomhchuibhithe; TACAÍONN SÍ le comhtháthú na bprionsabal ciorclaíochta san earnáil foirgníochta trí uirlisí a fhorbairt, amhail leibhéal/leibhéil, an lorg comhshaoil táirge agus an dearbhú um tháirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, réitigh bainistithe éifeachtúla deireadh ré agus úsáid acmhainní in-athnuaite;

18. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcuireann córais bhia neamh-inbhuanaithe le hastaíochtaí gás ceaptha teasa an domhain, le caillteanas na bithéagsúlachta, leis an díghrádú domhanda talún agus le dífhoraoisiú; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh córas bia inbhuanaithe, sábháilte, ciorclach ann a bheidh ceangailte go tréan le slándáil uisce agus fuinnimh le go mbainfear Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) éagsúla amach; CUIREANN SÍ I dTREIS go gcaithfear dlús a chur leis na hiarrachtaí Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 12.3 a bhaint amach, is é sin, cur amú bia in aghaidh an duine ar an leibhéal miondíola agus i measc tomhaltóirí a laghdú faoina leath, agus caillteanais bhia a laghdú ar feadh na slabhraí táirgthe agus soláthair, lena n-áirítear caillteanais iarbhuainte, faoi 2030;

19. CUIREANN SÍ I dTREIS gur den ríthábhacht é an ciorcal a shlánú ó thaobh teicstílí toisc go meastar go mbeidh méadú faoi dhó ar thomhaltas teicstílí faoi 2030, go bhfuil ráta athshlánaithe an-íseal ag teicstílí agus gur suntasach an lorg comhshaoil a leanann a dtáirgeadh, ós rud go loisctear an chuid is mó den ábhar, nó go ndéantar líonadh talún leis; CUIREANN SÍ I dTREIS go gcaithfidh na Ballstáit an ceanglas chun teicstílí a bhailiú ar leithligh a chomhlíonadh faoi dheireadh 2024; IARRANN SÍ go mbunófaí Straitéis Teicstíle don Aontas chun an earnáil teicstílí a stiúradh ar shiúl ó phátrúin neamh-inbhuanaithe táirgthe agus tomhaltais i dtreo slabhraí luacha atá níos inbhuanaithe agus níos ciorclaí, lena n-áirítear athchúrsáil thionsclaíoch ardcháilíochta; CUIREANN SÍ I dTREIS nach féidir é sin a bhaint amach ina iomláine gan gníomhaíocht idirnáisiúnta; CUIREANN SÍ I bhFÁTH an gá atá le bearta beartais um tháirgí *inter alia* ionstraimí eacnamaíocha, agus an acmhainneacht atá ann critéir éicidhearthóireachta do theicstílí a fhorbairt le go ndíreofar feasta ar éadaí agus teicstílí a bheidh níos marthanaí, níos in-athúsáidte, níos indeisithe agus níos buanseasmhaí a chur chun cinn mar aon le próisis táirgthe níos inbhuanaithe, agus an gá atá ann dul i ngleic le rioscaí na gceimiceán a bhíonn i dteicstílí; AITHNÍONN SÍ an gá atá le tuilleadh trédhearcachta agus faisnéis níos fearr ionas go bhféadfaidh tomhaltóirí roghanna níos inbhuanaithe a dhéanamh; MOLANN SÍ do na Ballstáit go léir borradh a chur faoi mhargadh ciorclach na dteicstílí agus faoin nuálaíocht trí ghníomhú mar chustaiméir chéadtrialach trí bhíthin soláthar poiblí;

20. CUIREANN SÍ I bhFIOS an tábhacht a bhaineann le beartas uaillmhianach laghdaithe astaíochtaí in earnáil an iompair i gcomhthéacs na físe straitéisí fadtéarmaí Eorpaí le haghaidh geilleagair atá neodrach ó thaobh na haeráide de; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil athruithe ar theicneolaíocht, in úsáid ábhartha feithiclí, ar sheirbhísí soghluaisteachta agus ar nósanna tomhaltóirí riachtanach chun córais soghluaisteachta inbhuanaithe a chruthú; ATHDHEARBHAÍONN SÍ go gcaithfear beartais chomhleanúnacha a bheith ag gabháil leis an aistriú go leictrea-shoghluaisteacht ar beartais iad lena dtacaítear le forbairt teicneolaíochtaí chun inbhuanaitheacht agus ciorclaíocht ceallraí agus soghluaisteacht hidrigine a fheabhsú;

21. CUIREANN SÍ I dTREIS go mbeidh gníomhaíochtaí spriocdhírithe don slabhra luacha ar fad riachtanach chun tionchar diúltach na leictreonaice ar an gcomhshaol a íoslaghdú, ar gníomhaíochtaí iad a dhíreoidh, i measc nithe eile, ar úsáid mhéadaitheach na leictreonaice agus ar cheallraí ina bhfuil amhábhair chriticiúla; AITHNÍONN SÍ go méadaíonn úsáid mhéadaitheach agus timthriallta gearra táirgí TFC, agus toilleadh na n-ionad sonraí an t-éileamh ar fhuinneamh agus ar amhábhair ríthábhachtacha; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le héifeachtúlacht bhreise agus bearta dearaidh le cur le digitiú inbhuanaithe agus ciorclach san Aontas;

22. IS DÍOL SÁSAIMH DI meastóireacht an Choimisiúin ar an Treoir maidir le Ceallraí agus TACAÍONN SÍ lena príomhthorthaí; IARRANN SÍ go ndéanfaí athbhreithniú práinneach ar an Treoir maidir le Ceallraí, agus béim ar leith á leagan ar na sainmhínithe ar chineálacha éagsúla ceallraí a fheabhsú, bailiú agus athchúrsáil ar leithligh a fheabhsú i dtaca le gach cineál ceallra, úsáid ceallraí in-athluchtaithe seachas ceallraí aon úsáide amháin agus athúsáid ceallraí a chur chun cinn; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart gach ábhar ceallra ábhartha a áireamh san athbhreithniú agus go ndéanfaí, go háirithe, ceanglais shonracha a chur san áireamh go háirithe do litiam agus cóbalt agus sásra lena gceadaítear oiriúnú na Treorach d'athruithe maidir le teicneolaíochtaí ceallraí amach anseo; CUIREANN SÍ I bhFIOS an acmhainneacht a bheadh ag gabháil le forbairt critéar éicidhearthóireachta le haghaidh ceallraí chun tacú leis an gciorclaíocht;

23. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil Straitéis an Aontais maidir le Plaistigh bunaithe ar an aistriú go geilleagar ciorclach; IARRANN SÍ go gcuirfí chun feidhme ina n-iomláine an Straitéis, agus aon ghníomhaíochtaí féideartha eile sna príomhearnálacha a bhaineann úsáid as plaistigh, lena n-áirítear pacáistiú, foirgníocht, mótarfheithiclí, leictreonaic, teicstílí agus talmhaíocht; MEABHRAÍTEAR DI gur cheart go mbeadh an pacáistiú plaisteach go léir a chuirtear ar mhargadh an Aontais in-athúsáidte nó in-athchúrsáilte faoi 2030, agus gur cheart go méadófaí an toilleadh sórtála agus athchúrsála faoi cheathair faoin am sin i gcomparáid le 2015; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun an sprioc sin a bhaint amach, go háirithe trí shamhlacha in-athúsáidte a spreagadh agus trí na táirgí a dhearadh chun a bheith ina dtáirgí in-athúsáidte, in-athchúrsáilte; CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór dul i ngleic le saincheist an ró-phacáistithe, úsáid níos mó a bhaint as plaistigh athchúrsáilte agus creat beartais soiléir stóinseach a fhorbairt gan mhoill le haghaidh plaistigh bhithbhunaithe agus in-bhithmhillteacht inbhuanaithe; MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit tacú le tionscnaimh phíolótacha agus le méadú teicneolaíochtaí nuálacha, amhail athchúrsáil plaisteach cheimiceach, ardmheicniúil nó atá bunaithe ar thuaslagóirí;

24. IS DÍOL SASAIMH DI ceannaireacht an Aontais sna hiarrachtaí domhanda chun tacú le himeacht ón táirgeadh agus tomhaltas plaisteach líneach go dtí an táirgeadh agus tomhaltas ciorclach chun bruscar muirí a laghdú, lena n-áirítear micreaphlaistigh, ó fhoinsí uisce agus ó fhoinsí uiscebhunaithe; MOLANN SÍ don Choimisiún dlús a chur leis na srianta ar mhicreaphlaistigh, a chuirtear isteach d'aon ghnó, agus féachaint ar shlite lena bhféadfaí micreaphlaistigh a scaoiltear ar bhealaí neamhbheartaithe a laghdú; IARRANN SÍ go ndéanfaí measúnú ar chomhaontú ionchasach domhanda lena dtabharfaí aghaidh ar shaolré iomlán na bplaisteach d'fhonn nach mbeadh bruscar plaisteach ó fhoinsí talún agus ó fhoinsí uiscebhunaithe ag dul sna haigéin; CUIREANN SÍ I dTREIS ina thaobh sin nach mór comhar réigiúnach láidir éifeachtach a bheith ann le tíortha a bhfuil teorainn acu leis an Aontas;

25. CUIREANN SÍ I bhFIOS a thábhachtaí atá sé dul i ngleic le ganntanas uisce agus le triomach san Aontas, rud a rachaidh in olcas, a mheastar, i gcomhthéacs an athraithe aeráide; MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit agus do na geallsealbhóirí athúsáid uisce a chur chun cinn agus sceitheadh uisce a laghdú, agus aird á tabhairt ar na dálaí réigiúnacha ar fud an Aontais mar is iomchuí, agus cosaint a áirithiú do shláinte an phobail agus don chomhshaol;

**Borradh a chur faoin ngeilleagar ciorclach trí athruithe a dhéanamh ar phatrúin táirgthe agus tomhaltais**

26. IARRANN SÍ go n-ullmhófaí agus go nglacfaí togra reachtach le haghaidh creat comhtháite don bheartas táirgí bunaithe ar chur chuige saolré a rachaidh i ngleic le tuilleadh táirgí aon úsáide, leis an ró-thomhaltas, leis an táirgeadh neamh-inbhuanaithe agus le pátrúin tomhaltais; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an tábhacht a bhaineann le samhlacha seirbhíse ciorclacha a fhorbairt agus táirgí nuálacha a dhearadh; IS DÍOL SÁSAIMH DI gníomhaíochtaí a chuirfidh borradh faoin ngeilleagar ciorclach trí tháirgí agus ábhair a úsáid ar bhealach níos cliste, trí shíneadh a chur le saolré táirgí agus trí ábhair a choinneáil sa timthriall eacnamaíoch a fhad is féidir (diúltaigh, laghdaigh, deisigh, athúsáid, athdhear agus athchúrsáil);

27. CUIREANN SÍ I dTREIS an ról ríthábhachtach a bhíonn ag an tomhaltóir i ndáil leis an aistriú go geilleagar ciorclach; MOLANN SÍ do na Ballstáit oibriú le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus leas a bhaint as uirlisí beartais, as an oideachas, agus as dreasachtaí eacnamaíocha chun nósanna maireachtála na ndaoine a athrú, ar athruithe iad a théann chun tairbhe an chomhshaoil agus daoine chomh maith ó thaobh scileanna, sláinte agus folláine de; chuige sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún ionstraimí faisnéise táirge a fhorbairt a bheidh dírithe ar thomhaltóirí maidir le heilimintí amhail saolré agus deisiú táirgí, agus machnamh a dhéanamh ar conas is féidir an tomhaltóir a spreagadh chun cuidiú níos mó leis an ngeilleagar ciorclach; IARRANN SÍ go mbeadh réitigh dhigiteacha ann chun comhroinnt faisnéise, táirgí agus seirbhísí a fheabhsú le go mbeadh an chumhacht ag na saoránaigh a bheith ina rannpháirtithe gníomhacha agus réitigh don gheilleagar ciorclach á gcomhchruthú acu;

28. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún córas coiteann de chuid an Aontais a bhunú chun faisnéis a chomhroinnt ó shlabhra luacha go slabhra luacha chun úsáid inbhuanaithe táirgí agus seirbhísí a áirithiú agus a chumasú ionas a lorg carbóin ar an gcomhshaol a laghdú a oiread is féidir; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit iarracht neartaithe a dhéanamh, agus í comhordaithe ag an Aontas, sonraí a bhailiú maidir le tionchar úsáide ábhair ar ghás ceaptha teasa agus úsáid a bhaint as na sonraí sin in ionstraimí faisnéise faoi tháirgí, i-samhaltú astaíochtaí gás ceaptha teasa agus sa bheartas aeráide;

29. MEABHRAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé freagracht leathnaithe táirgeora (FLT) a bheith ann chun ciorclaíocht a chur chun cinn; AITHNÍONN SÍ go gcruthaíonn an méadú ar dhíolacháin ar líne ó thríú tíortha fadhbanna do na córais FLT atá ann cheana, fadhbanna ar cheart dul i ngleic leo ar leibhéal an Aontais laistigh d'fhorálacha agus de rialacha FLT; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na féidearthachtaí a fhiosrú a thuilleadh maidir le FLT a úsáid agus samhlacha gnó ciorclacha á spreagadh agus treoir a chur ar fáil maidir le húsáid éifeachtach na dtáillí FLT um éiceamhodhnú chun tacú le dearadh don chiorclaíocht;

30. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá na creataí um éicidhearthóireacht agus um lipéadú fuinnimh ba chúis le méadú ar an líon táirgí a bhaineann le fuinneamh atá níos tíosaí ar fhuinneamh; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Plean Oibre Éicidhearthóireachta a ghlacadh chun bearta atá ann cheana a nuashonrú, ar mhaithe le cos a choinneáil leis an teicneolaíocht úrscothach agus bearta a fhorbairt do ghrúpaí táirgí nua, agus aird ar leith á tabhairt ar tháirgí TFC; MEABHRAÍONN SÍ don Choimisiún an fhéidearthacht a scrúdú maidir le riachtanais chothrománacha éifeachtúlachta fuinnimh a bhunú, mar a luaitear sa Phlean Oibre Éicidhearthóireachta, 2016-2019; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún critéir maidir le héifeachtúlacht ábhair (buanfas, an féidir é a dheisiú nó a athchúrsáil agus an t-ábhar athchúrsáilte atá ann); anuas air sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm féideartha phrionsabail na héicidhearthóireachta i dtáirgí nach táirgí a bhaineann le fuinneamh iad agus togra reachtach a chur ar aghaidh, mar is iomchuí;

31. IS DÍOL SÁSAIMH DI an mhodheolaíocht maidir le lorg comhshaoil an Aontais Eorpaigh a bheith curtha ar bun ar bhonn píolótach agus TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún féachaint an féidir í a úsáid mar cheann de na modheolaíochtaí i dtaca le critéir a fhorbairt le haghaidh bearta beartais um tháirgí, e.g. Éicilipéad an Aontais, Éiceadhearthóireacht agus Soláthar Poiblí Glas an Aontais; IS DÍOL SÁSAIMH DI gach tionscnamh a thacóidh le cur in iúl na dtionchar ar an gcomhshaol arna léiriú sa tionscadal píolótach maidir le lorg comhshaoil agus na tionscnaimh, a bheidh ann amach anseo, lena gcuirfear scéim éigeantach ar bun le haghaidh maíomha comhshaoil; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit feasacht ar Éicilipéad an Aontais agus ar an Scéim um Éiceabhainistíocht agus um Éiciniúchóireacht (EMAS) a fheabhsú agus san am céanna, tionscail agus eagraíochtaí eile a spreagadh lena n-úsáid;

32. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le comhshaol neamhthocsaineach a thíolacadh, straitéis lena ráthófaí timthriallta ábhair neamhthocsaineacha lena ndíreofaí ar ailíniú níos fearr a dhéanamh ar cheimiceáin, ar tháirgí agus ar an mbeartas dramhaíola; AITHNÍONN SÍ, sa chomhthéacs sin, an tábhacht a bhaineann le hinrianaitheacht, trédhearcacht agus malartú faisnéise ag gach céim den slabhra luacha;

33. IARRANN SÍ go neamhbhalbh go mbunófaí tionscnaimh nua agus go n-aistreofaí saineolas ar phróisis thionsclaíocha agus ar theicneolaíochtaí tionsclaíocha, ar mhalartú na gcleachtas is fearr agus ar líonrú geallsealbhóirí i réimse an gheilleagair chiorclaigh, lena n-áirítear an bithgheilleagar ciorclach; CUIREANN SÍ I bhFIOS a thábhachtaí atá siombóis thionsclaíoch agus an ról a bhíonn aige chun éifeachtúlacht acmhainní, na margaí le haghaidh amhábhar tánaisteach agus teicneolaíochtaí nuálacha a chur chun cinn;

34. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá an nuálaíocht, an taighde, an digitiú agus samhlacha nua gnó, amhail gnólachtaí atá bunaithe ar sheirbhísí agus geilleagar comhroinnte, chun tomhaltas foriomlán ábhar a laghdú, éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú, cineálacha cur chuige ceimice glaise inbhuanaithe agus malairtí neamhcheimiceacha a chur chun cinn, athchúrsáilteacht a fheabhsú agus fad a chur le saolré táirgí; CUIREANN SÍ I bhFIOS go bhfuil cistiú poiblí agus príobháideach leordhóthanach riachtanach chun an taighde is gá a dhéanamh agus chun nuálaíocht a chothú mar aon le hiarrachtaí comhordaithe chun an leas is fearr a bhaint as cistiú agus acmhainní ganna;

**Ionstraimí eacnamaíocha don gheilleagar ciorclach**

35. MOLANN SÍ do na Ballstáit ionstraimí eacnamaíocha a chur i bhfeidhm, amhail cánachas comhshaoil, athchóirithe cánach glasa agus EPR, chun patrúin táirgthe agus tomhaltais níos inbhuanaithe agus níos ciorclaí a chur chun cinn, agus chun feabhas a chur ar bhainistiú dramhaíola i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola; Agus AITHNÍONN SÍ a thábhacht atá sé dul i ngleic le sceitheadh carbóin; thairis sin, MOLANN SÍ go gcuirfí deireadh de réir a chéile le fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol chun athrú struchtúrach a éascú i gcomhair samhlacha gnó ciorclacha atá níos nuálaí agus níos inbhuanaithe; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún comhairle a chur ar fáil do na Ballstáit i dtaobh uirlisí éifeachtacha beartais agus ionstraimí eacnamaíocha agus conas iad a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta;

36. CUIREANN SÍ I dTREIS gur féidir le soláthar poiblí táirgí agus seirbhísí ciorclacha margaí ciorclacha infheistíochtaí i dtimthriallta atá glan, sábháilte, neamhthocsaineach agus inbhuanaithe a threisiú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit díriú ar sholáthar poiblí ciorclach i réimsí tosaíochta agus taithí a chomhroinnt maidir le tionscnaimh phíolótacha agus dea-chleachtais; MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit treoir bhreise maidir le Soláthar Poiblí Glas a chur ar fáil agus fiosrú a dhéanamh faoi mhonatóireacht fhéideartha ar a thionchar;

37. CUIREANN SÍ I bhFÁTH a thábhachtaí atá, san aistriú chuig geilleagar ciorclach, maoiniú inbhuanaithe agus Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú; IS DÍOL SÁSAIMH DI cur chuige an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) maidir le tacú leis an aistriú go geilleagar ciorclach agus molann sí do BEI leanúint de mhaoiniú den chineál sin a chur ar fáil agus cuidiú le rialtais, le gnólachtaí agus le hinfheisteoirí oibriú i gcomhair geilleagar ciorclach;

38. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gnólachtaí agus an earnáil airgeadais a spreagadh chun spriocanna soiléire inchomparáide feidhmíochta comhshaoil a leagan síos chun a gcuid infheistíochtaí a threorú; IARRANN SÍ go gcomhroinnfear na cleachtais is fearr maidir le rannpháirtíocht na hearnála príobháidí sa mhaoiniú inbhuanaithe.